


# GCSE



## Sonraíocht GCSE CCEA Ceol

Le teagasc den chéad uair ó Mheán Fómhair 2017  
Le measúnú den chéad uair Samhradh 2019  
Le bronnadh den chéad uair Samhradh 2019  
Cód Ábhair: 7010





Is é atá sa doiciméad seo, aistriúchán ar Chaibidil 3, Inneachar Ábhair, den tSonraíocht.



### 3 Inneachar Ábhair

Tá trí chomhpháirt déanta againn den chúrsa. Tá inneachar gach comhpháirte agus na torthaí foghlama faoi seach anseo thíos.

#### 3.1 Comhpháirt 1: Taibhiú agus Breithmheas

Ullmhaíonn daltaí píosaí le haghaidh taibhiú aonair agus taibhiú ensemble. Déanann siad plé agus breithmheas ar a dtaibhithe féin agus ar chuid taibhithe daltaí eile.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<b>Taibhiú (CM1)</b>	<p>Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• taibhiú aonair agus taibhiú ensemble a chruthú le smacht teicniúil agus le cruinneas;</li> <li>• intinní an chumadóra a léiriú agus a chur in iúl le ciall chuí don stíl;</li> </ul>
<b>Taibhiú aonair</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• taibhiú aonair a chruthú a léiríonn tuiscint ar an chlár roghnaithe agus a chuireann i bhfeidhm gnéithe stíle a fhóireann dó;</li> <li>• taibhiú aonair a chruthú a bhaineann úsáid chuí as luas, dinimic chodarsnach, fuaimniú agus frásáil;</li> </ul>
<b>Taibhiú ensemble</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• taibhiú ensemble a chruthú a léiríonn tuiscint ar an chlár roghnaithe agus a chuireann i bhfeidhm gnéithe stíle a fhóireann dó;</li> <li>• meon ensemble a léiriú i dtaibhiú;</li> <li>• cothromaíocht chuí idir páirteanna in ensemble a bhaint amach;</li> <li>• taibhiú le ciall do dhinimic in ensemble;</li> </ul>
<b>Breithmheas (CM4)</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• trácht géarchúiseach a dhéanamh ar an cheol a sheinneann siad; agus</li> <li>• breithmheas a thabhairt ar a dtaibhiú agus é a phlé.</li> </ul>

Inneachar	Torthaí Foghlama
<b>Breithmheas (ar lean.)</b>	<p>Ba chóir do dhaltaí a bheith in ann:</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• na gnéithe a leanas den chlár a phlé:<ul style="list-style-type: none"><li>– réasúnaíocht a gcuid roghanna;</li><li>– an teideal, an cumadóir agus an t-inneachar stíle;</li><li>– na dúshláin theicniúla a casadh orthu agus iad ag ullmhú agus an dóigh ar sháraigh siad iad; agus</li><li>– coinbhinsiúin stíle na bpíosaí; agus</li></ul></li><li>• plé a dhéanamh ar mhionsonraí na dtaifeadtaí agus/nó na dtaibhithe ar éist siad leo agus ar an tionchar a bhí acu sin ar a dtaibhiú deiridh.</li></ul>

### 3.2 Comhpháirt 2: Cumadóireacht

Cumann daltaí **dhá** phíosa ceoil. Scríobhann siad ceann acu sin mar fhreagairt ar spreagthach réamheisiúna. Taifeadann siad a saothair agus soláthraíonn siad scór, príomhbhileog nó cuntas scríofa ar a gcuid oibre.

Gheofar cur síos iomlán ar mheasúnú ar Roinn 6.4 agus Aguisín 4.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<b>Cumadóireacht (CM2)</b>	<p>Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• smaointe ceoil a chruthú agus a fhorbairt;</li> <li>• acmhainní ceoil a thuiscint, iad a rialú agus úsáid a bhaint astu go héifeachtach; agus</li> <li>• úsáid leanúnach éifeachtach a bhaint as na rudaí a leanas taobh istigh de stíl nó de sheánra roghnaithe: <ul style="list-style-type: none"> <li>– struchtúr;</li> <li>– armóin;</li> <li>– uigeacht;</li> <li>– rithim;</li> <li>– timbre; agus</li> <li>– teicneolaíocht ceoil.</li> </ul> </li> </ul>

### 3.3 Comhpháirt 3: Éisteacht agus Breithmheas

Tógann daltaí ar an eolas, an tuiscint agus an léirthuisicint ar cheol a ghnóthaigh siad i gComhpháirteanna 1 agus 2. Forbraíonn siad a dtuiscint ar an ghaolmhaireacht idir ceol agus a chomhthéacsanna. Éisteann siad le ceol agus tugann siad breithmheas ar cheol a bhfuil siad eolach nó nach bhfuil siad eolach air a chum réimse cumadóirí, idir fhir agus mhná, taobh istigh de na ceithre Réimse éigeantacha Staidéir:

#### 1. Ceol Clasaiceach an Iarthair 1600–1910

- Handel: *For Unto Us a Child is Born* ó *Messiah*
- Mozart: *Horn Concerto No. 4, third movement*
- Berlioz: *Symphonie Fantastique, fourth movement*

#### 2. Ceol Scannáin

- Coates: *March (The Dam Busters)* ó *The Dam Busters*
- Williams: *Superman Theme* ó *Superman*
- Horner: *Young Peter* ó *The Amazing Spider-Man*

#### 3. Traidisiúin Cheoil na hÉireann

- Beoga: *Prelude Polkas: Prelude Polka, Paddy's Polka No. 2* agus *Millstream Reel*
- Stonewall: *Fife Medley: Boys of Belfast* agus *The Girl I Left Behind*

#### 4. Ceol Pobail 1980– an lá inniu

- Eurythmics: *Sweet Dreams (Are Made of This)*
- Ash: *Burn Baby Burn*
- Florence and the Machine: *Cosmic Love*.

Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>Éisteacht (CM3)</b></p> <p><b>Eolas agus tuiscint</b></p> <p><b>Breithmheas (CM4)</b></p>	<p>Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar choinbhinsiúin stíle agus ar an ghaolmhaireacht idir ceol agus a chomhthéacsanna sóisialta agus stairiúla;</li> <li>• eolas agus tuiscint ar an cheol a léiriú agus a chur i bhfeidhm nuair a bhítear ag plé ceol a bhfuil siad eolach air agus ceol nach bhfuil siad eolach air;</li> <li>• sainstór focal don cheol a úsáid ina gcuid freagairtí; agus</li> <li>• breithiúnais mheastóireachta agus léirmheastacha a dhéanamh ar cheol a bhfuil siad eolach air agus ceol nach bhfuil siad eolach air.</li> </ul>



Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>Breithmheas (CM4) (ar lean.)</b></p> <p><b>Eilimintí ceoil</b></p>	<p>Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• úsáid a bhaint as eolas agus tuiscint ar theicnící agus seifteanna taibhithe agus cumadóireachta agus iad ag éisteacht agus ag tabhairt breithmheasa; agus</li> <li>• trácht géarchúiseach a dhéanamh ar na heilimintí ceoil a leanas maidir leis na saothair dhualgais agus le ceol nach bhfuil siad eolach air ó na Réimsí Staidéir:             <ul style="list-style-type: none"> <li>– séis:                 <ul style="list-style-type: none"> <li>seicheamh, ostinato, rif, meiliosma, maisiú, leitmóitífeanna, mórghléas, mionghléas, séiseanna modúla agus peinteatonacha, idirchéimeanna, athdhéanamh, crómatachas, nótaí tairmtheachtacha, frásáil, fuaimniú, méadú agus laghdú;</li> </ul> </li> <li>– armóin:                 <ul style="list-style-type: none"> <li>troitheáin dhiatonacha, thonacha agus cheannacha, dúnadh (foirfe, neamhfoirfe, tánaisteach agus briste), modhnúcháin go dtí an gléas ceannasach agus go dtí na morghléasanna agus na mionghléasanna coibhneasta agus cordaí cumhachta;</li> </ul> </li> <li>– tonúlacht:                 <ul style="list-style-type: none"> <li>mórghléas, mionghléas, módúil agus gléaschomharthaí go dtí ceithre ghéara nó mhaola; agus</li> </ul> </li> <li>– foirm agus struchtúr:                 <ul style="list-style-type: none"> <li>dénártha, trínártha, rondo, tréchumtha, téama agus breachnuithe, siansa, clár ceoil, coinséartó, oratóir, ceoldráma, réamhcheol, áiria, reacaireacht, dúnadh (<i>cadenza</i>), cór, strófach, seoladh isteach, seoladh amach, véarsa, curfá, sos, 8 meánach, aonar, líonadh druma, ríl, port, polca, cornphíopa, port luascach, fonn, máirseáil agus sraithspé.</li> </ul> </li> </ul> </li> </ul>



Inneachar	Torthaí Foghlama
<p><b>1. Ceol Clasaiceach an Iarthair 1600–1910 (ar lean.)</b></p> <p><b>2. Ceol Scannán</b></p> <p><b>3. Traidisiúin Cheoil na hÉireann</b></p> <p><b>4. Ceol Pobail 1980–an lá inniu</b></p>	<p>Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• scileanna breithmheasa a úsáid le hanailís a dhéanamh ar cheol cóiriúil agus ar cheol ceolfhoirneach 1600-1910 a bhfuil siad eolach air agus nach bhfuil siad eolach air, ag tagairt do na heilimintí cuí ceoil atá liostaithe roimhe seo;</li> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar cheol scannán trí staidéar a dhéanamh ar na saothair dhualgais don Réimse Staidéir seo;</li> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar cheol ceolfhoirneach scannán san fhichiú haois agus san aonú haois is fiche, ag tagairt do na heilimintí cuí ceoil atá liostaithe roimhe seo;</li> <li>• scileanna breithmheasa a úsáid le hanailís a dhéanamh ar cheol ceolfhoirneach scannán a bhfuil siad eolach agus nach bhfuil siad eolach air, ag tagairt do na heilimintí cuí ceoil atá liostaithe roimhe seo;</li> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar thraidisiúin cheoil na hÉireann trí staidéar a dhéanamh ar na saothair dhualgais don Réimse Staidéir seo;</li> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar cheol traidisiúnta na hÉireann agus ar cheol Ultaise, ag tagairt do na heilimintí cuí ceoil atá liostaithe roimhe seo;</li> <li>• úsáid a bhaint as scileanna breithmheasa le hanailís a dhéanamh ar cheol uirlise agus ceol gutha traidisiúnta na hÉireann agus na hUltaise a bhfuil siad eolach agus nach bhfuil siad eolach air, ag tagairt do na heilimintí cuí ceoil atá liostaithe roimhe seo;</li> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar cheol pobail ó 1980 go dtí an lá inniu trí staidéar a dhéanamh ar na saothair dhualgais ón Réimse Staidéir seo;</li> <li>• eolas agus tuiscint a léiriú ar cheol pobail ó 1980 go dtí an lá inniu (an punc-rac, nuathonn, <i>Britpop</i>, rac malartach, rac agus leictreonaice), ag tagairt do na heilimintí cuí ceoil atá liostaithe roimhe seo; agus</li> <li>• úsáid a bhaint as scileanna breithmheasa le hanailís a dhéanamh ar cheol pobail a bhfuil siad eolach agus nach bhfuil siad eolach air ó 1980 go dtí an lá inniu, ag tagairt do na heilimintí cuí ceoil atá liostaithe roimhe seo.</li> </ul>



INVESTORS  
IN PEOPLE

